Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Nollaig 2018
(OR. en)

15477/1/18
REV 1 ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0004(COD)**

CODEC 2311
SOC 781
EMPL 586
SAN 468

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

**Ráiteas ón Ríocht Aontaithe**

Tacaíonn an Ríocht Aontaithe go láidir le Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé carcanaiginí nó só-ghineacha ag an obair agus le próiseas socraithe teorann an Choimisiúin lena mbaineann measúnú críochnúil d'fhonn tosca eolaíochta, teicniúla agus socheacnamaíocha agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta a mheas.

Aithníonn an Ríocht Aontaithe na húdair imní dhlisteanacha atá ann i dtaobh nochtadh ar astaíochtaí sceite innill díosail agus tá nochtadh ar na hastaíochtaí sin faoi réir rialuithe sa Ríocht Aontaithe le breis is fiche bliain anuas. Níor cheart teorainneacha ceangailteacha um nochtadh ag an obair a áireamh sa Treoir maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha go dtí go mbíonn an próiseas socraithe teorann críochnaithe amach. Is oth leis an Ríocht Aontaithe nár leanadh an próiseas sin chun teorainneacha ceangailteacha um nochtadh ag an obair a shocrú i ndáil le carbón eiliminteach mar chomhartha le haghaidh astaíochtaí sceite innill díosail. Cé go leanann an Ríocht Aontaithe uirthi ag tacú le gníomhaíocht chun dul i ngleic leis an nochtadh ar astaíochtaí sceite innill díosail, ní féidir linn tacú leis an gcaoi a socraíodh an teorainn sin agus dá bhrí sin ní féidir léi tacú leis an athrú sin a ghabhann leis an Treoir.